Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 28 Samhain 2022
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0424(COD)**

15096/21
ADD 1 REV 1

ENER 561
ENV 1013
CLIMA 456
IND 388
RECH 568
COMPET 915
ECOFIN 1257
CODEC 1662
IA 209

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 804 final/2 - IARSCRÍBHINNÍ 1 go 4 |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann leis an Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na margaí inmheánacha le haghaidh gáis in-athnuaite agus gáis nádúrtha agus hidrigine |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 804 final/2 - IARSCRÍBHINNÍ 1 go 4.

---

Faoi iamh: COM(2021) 804 final/2 - IARSCRÍBHINNÍ 1 go 4

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 23.11.2022
COM(2021) 804 final/2

ANNEXES 1 to 4

CEARTÚCHÁN

Leis an doiciméad seo ceartaítear an doiciméad COM (2021) 804 final an 15.12.2021

IARSCRÍBHINNÍ 1 GO 4

Baineann sé seo le gach leagan teanga.

Léifear an téacs mar a leanas:

# IARSCRÍBHINNÍ

**a ghabhann leis an**

**Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**maidir leis na margaí inmheánacha le haghaidh gáis in-athnuaite agus gáis nádúrtha agus hidrigine**

{SEC(2021) 431} - {SWD(2021) 455} - {SWD(2021) 456} - {SWD(2021) 457} - {SWD(2021) 458}

# Iarscríbhinn I

## TREOIRLÍNTE MAIDIR LEIS NA NITHE SEO A LEANAS

### 1. AN FHAISNÉIS ATÁ LE FOILSIÚ FAOIN MODHEOLAÍOCHT A ÚSÁIDTEAR CHUN IONCAM RIALÁILTE AN OIBREORA CÓRAIS TARCHURTHA A SHOCRÚ

Foilseoidh an t-údarás rialála nó an t-oibreoir córais tarchurtha, i bhfianaise chinneadh an údaráis rialála, an fhaisnéis seo a leanas roimh an tréimhse taraife.

Cuirfear an fhaisnéis seo ar fáil ar leithligh do ghníomhaíochtaí tarchurtha más rud é go bhfuil an t-oibreoir córais tarchurtha ina chuid d'eintiteas tráchtála nó sealbhaíochta níos mó.

1. An t-eintiteas atá freagrach as comhpháirteanna éagsúla na modheolaíochta a ríomh, a shocrú agus a fhormheas.
2. Tuairisc ar an modheolaíocht, lena n-áirítear liosta den mhéid seo a leanas ar a laghad:
   (a) an mhodheolaíocht fhoriomlán, amhail caidhp-ioncam, modheolaíocht hibrideach, costas *plus* nó tagarmharcáil taraifí;
   (b) an mhodheolaíocht chun an sócmhainnbhunú rialáilte (SBR) a shocrú, lena n-áirítear:
      (i) an mhodheolaíocht chun luach tosaigh (oscailte) na sócmhainní a chinneadh, mar a chuirtear i bhfeidhm ag tús an rialacháin agus nuair a ionchorpraítear sócmhainní nua leis an mbonn sócmhainní rialáilte;
      (ii) an mhodheolaíocht chun sócmhainní a athluacháil
      (iii) mínithe ar an bhforbairt ar luach na sócmhainní;
      (iv) cóireáil na sócmhainní díchoimisiúnaithe;
      (v) an mhodheolaíocht dímheasa a chuirtear i bhfeidhm ar an sócmhainnbhunú rialáilte, lena n-áirítear aon athrú a chuirtear i bhfeidhm ar na luachanna.
   (c) an mhodheolaíocht chun an costas caipitil a shocrú;
   (d) an mhodheolaíocht chun an caiteachas iomlán (TOTEX) a chinneadh, nó, más infheidhme, chun an caiteachas oibríochtúil (OPEX) agus an caiteachas caipitiúil (CAPEX) a chinneadh;
   (e) an mhodheolaíocht chun an éifeachtúlacht costais a chinneadh, más infheidhme;
   (f) an mhodheolaíocht a chuirtear i bhfeidhm chun an boilsciú a shocrú;
   (g) an mhodheolaíocht chun préimheanna agus dreasachtaí a chinneadh, más infheidhme;
   (h) na costais neamh-inrialaithe;
   (i) seirbhísí a chuirtear ar fáil laistigh den chuideachta sealbhaíochta, más infheidhme.
3. Luachanna na bparaiméadar a úsáidtear sa mhodheolaíocht

(a) luachanna mionsonraithe na bparaiméadar is cuid den chostas cothromais agus den chostas fiachais, nó meánchostas ualaithe an chaipitil arna sloinneadh mar chéatadáin

(b) tréimhsí dímheasa i mblianta is infheidhme ar leithligh maidir le píblínte agus comhbhrúiteoirí;

(c) athruithe ar an tréimhse dímheasa nó ar ghéarú an dímheasa a chuirtear i bhfeidhm ar shócmhainní;

(d) spriocanna éifeachtúlachta mar chéatadáin;

(e) táscairí boilscithe

(f) préimheanna agus dreasachtaí.

4. luachanna na gcostas agus an chaiteachais a úsáidtear chun an t-ioncam ceadaithe nó an sprioc-ioncam a shocrú san airgeadra áitiúil agus in euro agus a bhaineann leis na nithe seo a leanas:

(a) an sócmhainnbhunú rialáilte de réir an chineáil sócmhainne a shonraítear in aghaidh na bliana go dtí go ndímheasfar é go hiomlán, lena n-áirítear:

(b) infheistíochtaí a chuirtear leis an sócmhainnbhunú rialáilte, de réir an chineáil sócmhainne;

(c) an dímheas de réir an chineáil sócmhainne go dtí dímheas iomlán na sócmhainní;

(d) an costas caipitil lena n-áirítear an costas cothromais agus an costas fiachais;

(e) na caiteachais oibríochtúla;

(f) préimheanna agus dreasachtaí a shonraítear ar leithligh in aghaidh gach míre.

5. Táscairí airgeadais atá le soláthar don oibreoir córais tarchurtha. I gcás ina bhfuil an t-oibreoir córais tarchurtha ina chuid de shealbhaíocht nó cuideachta níos mó, soláthrófar na luachanna sin ar leithligh don oibreoir córais tarchurtha, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

(a) tuilleamh roimh ús, cánacha, dímheas agus amúchadh (EBITDA)

(b) tuilleamh roimh ús agus cáin (EBIT);

(c) fáltas ar shócmhainní I (ROA) = EBITDA / SBR;

(d) fáltas ar shócmhainní II (ROA) = EBIT / SBR;

(e) ráta toraidh ar chothromas (ROE) = Brabús / Cothromas;

(aa) fáltais ar chaipiteal arna úsáid,

(bb) an cóimheas luamhánaithe

(cc) glanfhiachas / (Glanfhiachas + Cothromas);

(dd) glanfhiachas / EBITDA

Soláthróidh an t-údarás rialála nó an t-oibreoir córais tarchurtha samhail taraife shimplithe lena n-áireofar paraiméadair dhí-chomhiomlánaithe agus luachanna na modheolaíochta agus lenar féidir ríomh ioncam ceadaithe nó sprioc-ioncam an oibreora córais tarchurtha a mhacasamhlú.

6. Déanfaidh na hoibreoirí córais tarchurtha cuntas laethúil a choimeád maidir leis an gcothabháil iarbhír agus t-idirbhriseadh iarbhír ar shreabhadh a tharla, agus cuirfidh siad ar fáil don údarás inniúil é, arna iarraidh sin dó. Cuirfear an fhaisnéis ar fáil freisin dóibh siúd a ndearna an t-idirbhriseadh difear dóibh, arna iarraidh sin dóibh.

## 2. Prionsabail maidir le sásraí leithdháilte acmhainne agus nósanna imeachta bainistithe ar phlódú a bhaineann le hoibreoirí córais tarchurtha agus cur i bhfeidhm na nithe sin i gcás plódaithe chonarthaigh

### 2.1. Prionsabail maidir le sásraí leithdháilte acmhainne agus nósanna imeachta um bainistiú ar phlódú a bhaineann le hoibreoirí córais tarchurtha

1. Maidir le sásra leithdháilte acmhainne agus nósanna imeachta um bainistiú ar phlódú, éascóidh siad forbairt na hiomaíochta agus forbairt thrádáil leachtach na hacmhainne agus beidh siad comhoiriúnach le sásraí margaidh lena n-áirítear spotmhargaí agus moil trádála. Beidh na sásraí sin solúbtha agus beifear in ann iad a chur in oiriúint do chúinsí athraitheacha an mhargaidh.

2. Cuirfear san áireamh sna sásraí sin agus sna nósanna imeachta sin sláine an chórais lena mbaineann mar aon le cinnteacht an tsoláthair.

3. Ní bheidh na sásraí agus na nósanna imeachta sin ina mbac ar iontráil rannpháirtithe nua sa mhargadh ná ní chruthóidh siad bacainní míchuí ó thaobh iontráil isteach sa margadh. Ní chuirfidh siad cosc ar rannpháirtithe sa mhargadh, lena n-áirítear iontrálaithe nua sa mhargadh agus cuideachtaí a bhfuil sciar beag den mhargadh acu, ó dhul in iomaíocht go héifeachtach.

4. Leis na sásraí agus na nósanna imeachta sin, soláthrófar comharthaí iomchuí eacnamaíocha maidir le húsáid éifeachtach uasta na hacmhainne teicniúla agus éascóidh siad an infheistíocht i mbonneagar nua.

5. Cuirfear úsáideoirí gréasáin ar an eolas faoin gcineál cúinsí a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'infhaigteacht na hacmhainne conarthaí. Ba cheart go léireodh an fhaisnéis maidir le hidirbhriseadh an leibhéal faisnéise atá ar fáil don oibreoir córais tarchurtha.

6. I gcás ina mbeadh deacrachtaí ann chun na hoibleagáidí conarthacha maidir le seachadadh a chomhlíonadh de bharr cúiseanna a bhaineann le sláine an chórais, ba cheart go gcuirfeadh na hoibreoirí córais tarchurtha úsáideoirí gréasáin ar an eolas faoin méid sin agus ba cheart dóibh díriú ar réiteach neamh-idirdhealaitheach a fháil gan mhoill.

   Rachaidh na hoibreoirí córais tarchurtha i gcomhairle leis na húsáideoirí gréasáin maidir le nósanna imeachta sula gcuirfear chun feidhme iad agus comhaontóidh siad iad leis an údarás rialála.

### 2.2. Nósanna imeachta um bainistiú ar phlódú i gcás plódaithe chonarthaigh

*2.2.1. Forálacha ginearálta*

1. Beidh feidhm ag forálacha phointe 2.2 maidir le pointí idirnaisc idir córais iontrála-scoir chóngaracha, is cuma más córais fhisiceacha nó córais fhíorúla iad, idir dhá Bhallstát nó níos mó nó laistigh de aon Bhallstát amháin a mhéid atá na pointí faoi réir nósanna imeachta áirithinte úsáideoirí. Féadfaidh feidhm a bheith ag na forálacha sin freisin maidir le pointí iontrála ó thríú tíortha agus pointí scoir go tríú tíortha, faoi

réir an chinnidh ón údarás rialála náisiúnta ábhartha. Maidir le pointí scoir chuig tomhaltóirí deiridh agus gréasáin dáileacháin, pointí iontrála ó chríochfoirt gáis nádúrtha leachtaithe agus saoráidí táirgthe, agus pointí iontrála ó shaoráidí stórála agus pointe scoir chucu sin, níl siad faoi réir fhorálacha phointe 2.2.

2. Ar bhonn na faisnéise a fhoilseoidh na hoibreoirí córais tarchurtha de bhun Roinn 3 den Iarscríbhinn seo agus, i gcás inarb iomchuí, faisnéis arna bailíochtú ag na húdaráis rialála náisiúnta, foilseoidh ACER, tuarascáil faireacháin ar phlódú ag pointí idirnaisc i ndáil le táirgí acmhainne dochta a díoladh an bhliain roimhe sin, agus trádáil acmhainne ar an margadh tánaisteach agus úsáid acmhainne in-idirbhriste á gcur san áireamh a mhéid is féidir.

Foilseofar an tuarascáil faireacháin gach 2 bhliain. Foilseoidh ACER tuarascálacha breise de réir iarraidh chuí-réasúnaithe ón gCoimisiún suas, uair amháin sa bhliain ar a mhéad.

3. Maidir le haon acmhainn bhreise a chuirfear ar fáil trí cheann amháin de na nósanna imeachta um bainistiú ar phlódú dá bhforáiltear i bpointí 2.2.2, 2.2.3, 2.2.4 agus 2.2.5 a chur i bhfeidhm, tairgfidh na hoibreoirí córais tarchurtha faoi seach an acmhainn bhreise sin sa ghnáthphróiseas leithdháilte.

3.

*2.2.2. Méadú ar acmhainn de bharr na scéime ró-shuibscríofa agus aischeannaigh*

1. Déanfaidh oibreoirí córais tarchurtha scéim dreasacht-bhunaithe ró-shuibscríofa agus aischeannaigh a mholadh agus, tar éis formheas a fháil ón údarás rialála náisiúnta ina leith, an scéim sin a chur chun feidhme chun acmhainn bhreise a thairiscint ar bhonn docht. Sula gcuirfear an scéim sin chun feidhme, rachaidh an t-údarás rialála náisiúnta i gcomhairle le húdaráis rialála náisiúnta na mBallstát cóngarach agus tabharfaidh sé aird ar thuairimí na n-údarás rialála náisiúnta cóngarach. Sainmhínítear acmhainn bhreise mar an acmhainn dhocht a thairgtear sa bhreis ar acmhainn theicniúil pointe idirnaisc, , acmhainn a ríomhtar ar bhonn Airteagal 5 (1) den Rialachán seo.

2. Leis an scéim ró-shuibscríofa agus aischeannaigh, tabharfar dreasacht d'oibreoirí córais tarchurtha acmhainn bhreise a chur ar fáil, agus aird á tabhairt ar dhálaí teicniúla, amhail an luach calrach, teocht agus tomhaltas ionchasach an chórais iontrála-scoir ábhartha agus na hacmhainneachtaí sna gréasáin chóngaracha. Cuirfidh na hoibreoirí córais tarchurtha cur chuige dinimiciúil i bhfeidhm maidir le hathríomh acmhainn theicniúil nó bhreise an chórais iontrála-scoir.

3. Beidh an scéim ró-shuibscríofa agus aischeannaigh bunaithe ar chóras dreasachta lena léirítear an rioscaí d'oibreoirí córais tarchurtha maidir le hacmhainn bhreise a chur ar fáil. Déanfar an scéim a struchtúrú ar bhealach go roinntear idir na hoibreoirí córais tarchurtha agus na húsáideoirí gréasán an t-ioncam ón acmhainn bhreise a dhíol agus na costais a eascraíonn as an scéim aischeannaigh nó as bearta de bhun phointe 6. Déanfaidh na húdaráis rialála náisiúnta cinneadh maidir le dáileadh an ioncaim agus na gcostas idir an t-oibreoir córais tarchurtha agus úsáideoir an ghréasáin.

4. Chun ioncam na n-oibreoirí córais tarchurtha a chinneadh, maidir leis an acmhainn theicniúil, go háirithe acmhainn a thugtar suas agus, i gcás inarb ábhartha, acmhainn a eascraíonn as cur i bhfeidhm an tsásra lá roimh ré 'mura n-úsáidfear í caillfear í', mar aon leis an sásra fadtéarmach 'mura n-úsáidfear í, caillfear í' maidir le hacmhainn dhocht, measfar gur leithdháileadh iad sin roimh aon acmhainn bhreise.

5. Agus an acmhainn bhreise á cinneadh, cuirfidh an t-oibreoir córais tarchurtha san áireamh cásanna staidrimh maidir leis an méid acmhainne is dócha a bheith neamhúsáidte go fisiceach ag pointí idirnaisc ag aon am. Cuirfear san áireamh leis an scéim sin chomh maith an phróifíl riosca maidir le hacmhainn bhreise a thairiscint nach mbeidh oibleagáid iomarcach aischeannaigh mar thoradh uirthi. Leis an scéim ró-shuibscríofa agus aischeannaigh, measfar an dóchúlacht agus na costais a bhaineann le hacmhainn a aischeannach ar an margadh agus léireofar sin sa mhéid den acmhainneacht bhreise a chuirfear ar fáil.

6. I gcás inar gá chun sláine an chórais a choimeád ar bun, cuirfidh na hoibreoirí córais tarchurtha nós imeachta aischeannaigh margadhbhunaithe ar an margadh i bhfeidhm lena bhféadfaidh úsáideoirí gréasáin acmhainn a thairiscint. Cuirfear úsáideoirí an ghréasáin ar an eolas faoin nós imeachta aischeannaigh is infheidhme. Tá cur i bhfeidhm an nós imeachta aischeannaigh gan dochar do na bearta éigeandála is infheidhme.

7. Sula gcuirfidh na hoibreoirí córais tarchurtha nós imeachta aischeannaigh i bhfeidhm, fíoróidh siad an féidir sláine an chórais a chóimeád ar bun ar bhealach níos costéifeachtaí le bearta teicniúla agus tráchtála malartacha.

8. Nuair a bheidh scéim ró-shuibscríofa agus aischeannaigh á moladh ag an oibreoir córais tarchurtha, cuirfidh sé na sonraí, meastacháin agus samhlacha ábhartha uile ar fáil don údarás rialála náisiúnta ionas go bhféadfaidh an t-údarás sin an scéim a mheasúnú. Tuairisceoidh an t-oibreoir córais tarchurtha go tráthrialta don údarás rialála náisiúnta maidir le feidhmiú na scéime agus, arna iarraidh sin don údarás rialála náisiúnta, cuirfidh sé na sonraí ábhartha uile ar fáil. Féadfaidh an t-údarás rialála náisiúnta iarraidh ar an oibreoir córais tarchurtha an scéim a athbhreithniú.

*2.2.3. An sásra lá roimh ré 'mura n-úsáidfear í caillfear í' maidir le hacmhainn dhocht*

1. Ceanglóidh na húdaráis rialála náisiúnta ar oibreoirí córais tarchurtha na rialacha a leagtar síos i bpointe 3 ar a laghad a chur i bhfeidhm in aghaidh an úsáideora gréasáin ag pointí idirnaisc maidir leis an ainmniúchán tosaigh a athrú más rud é, ar bhonn thuarascáil bhliantúil faireacháin ACER i gcomhréir le pointe 2.2.1(2), go léirítear ag na pointí idirnaisc gur tharla sé gur mhó an t-éileamh ná an tairiscint, ar an bpraghas cúltaca nuair a úsáidtear ceantanna, i gcaitheamh na nósanna imeachta um leithdháileadh acmhainne sa bhliain a chumhdaítear sa tuarascáil faireacháin, éileamh atá ar tháirgí le húsáid sa bhliain sin nó i gceann amháin den dá bhliain ina dhiaidh sin,

   (a) maidir le trí tháirge acmhainne dochta ar a laghad arb é mí amháin a bhfad nó

   (b) maidir le dhá tháirge acmhainne dochta ar a laghad arb é ráithe amháin a bhfad nó

   (c) maidir le haon táirge acmhainne dochta amháin ar a laghad arb é bliain amháin a fad nó

   (d) más rud é, ar feadh tréimhse 6 mhí ar a laghad, nár tairgeadh aon táirge acmhainne dochta arb é mí amháin nó níos mó a fhad.

2. Más rud é, ar bhonn na tuarascála bliantúla faireacháin, go léirítear nach dócha go dtarlóidh arís cás mar a shainmhínítear i bpointe 1 sna trí bliana ina dhiaidh sin, mar shampla, mar thoradh ar an acmhainn a bheith ar fáil mar thoradh ar leathnú fisiceach an ghréasáin nó foirceannadh conarthaí fadtéarmacha, féadfaidh na húdaráis rialála

náisiúnta ábhartha a chinneadh deireadh a chur leis an sásra lá roimh ré 'mura n-úsáidfear í caillfear í' maidir le hacmhainn dhocht.

3. Ceadaítear don úsáideoir gréasáin athainmniúcháin a dhéanamh ag an bpointe idirnaisc maidir le hacmhainn dhocht suas le 90 % agus síos le 10 % den acmhainn chonarthach. Mar sin féin, más rud é gur mó an t-ainmniúchán ná 80 % den acmhainn chonarthach, is féidir leath den mhéid nár ainmníodh a athainmniú suas. Más rud nach mó ná 20 % den acmhainn chonarthach an t-ainmniúchán, is féidir leath den toirt a ainmníodh a athainmniú síos. Tá cur i bhfeidhm an phointe gan dochar do na bearta éigeandála is infheidhme.

4. Féadfaidh sealbhóir bunaidh na hacmhainne conarthaí an chuid shrianta dá acmhainn dhocht chonarthach a athainmniú ar bhonn in-idirbhriste.

5. Ní bheidh feidhm ag Pointe 3 maidir le húsáideoirí gréasáin – daoine nó gnóthais agus na gnóthais atá faoina rialú de bhun Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 – a bhfuil seilbh acu ar níos lú ná 10 % den mheánacmhainn theicniúil sa bhliain roimhe sin ag an bpointe idirnaisc.

6. Maidir le pointí idirnaisc ag a gcuirtear sásra lá roimh ré 'mura n-úsáidfear í caillfear í' maidir le hacmhainn dhocht i gcomhréir le pointe 3 i bhfeidhm, déanfaidh an t-údarás rialála náisiúnta meastóireacht ar an ngaol leis an scéim ró-shuibscríofa agus aischeannaigh de bhun phointe 2.2.2 agus féadfaidh an t-údarás rialála náisiúnta cinneadh a dhéanamh dá bharr gan forálacha phointe 2.2.2 a chur i bhfeidhm ag na pointí idirnaisc sin. Tabharfar fógra faoin gcinneadh sin gan mhoill, do ACER agus don Choimisiún.

7. Féadfaidh údarás rialála náisiúnta cinneadh a dhéanamh sásra lá roimh ré 'mura n-úsáidfear í caillfear í' maidir le hacmhainn dhocht de bhun phointe 3 a chur chun feidhme i dtaca le pointe idirnaisc. Sula nglacfaidh an t-údarás rialála náisiúnta a chinneadh, rachaidh sé i gcomhairle le húdaráis rialála náisiúnta na mBallstát cóngarach. Agus a chinneadh á ghlacadh ag an údarás rialála náisiúnta, tabharfaidh sé aird ar thuairimí na n-údarás rialála náisiúnta cóngarach.

*2.2.4. Acmhainn chonarthach a thabhairt suas*

Glacfaidh na hoibreoirí córais tarchurtha le haon acmhainn dhocht atá ar conradh a dhéanfaidh an t-úsáideoir gréasáin a thabhairt suas ag pointe idirnaisc, cé is moite d'aon táirge acmhainne ag a bhfuil fad tréimhse lá amháin nó níos lú. Coimeádfaidh an t-úsáideoir gréasáin a chearta agus a oibleagáidí faoin gconradh acmhainne go dtí go ndéanfaidh an t-oibreoir córais tarchurtha an acmhainn a ath-leithdháileadh agus a mhéid nach ndéanfaidh an t-oibreoir córais tarchurtha an acmhainn sin a ath-leithdháileadh. Is tar éis an acmhainn uile atá ar fáil a ath-leithdháileadh a mheasfar an acmhainn arna tabhairt suas a bheith leithdháilte, agus sa chás sin amháin. Tabharfaidh an t-oibreoir córais tarchurtha fógra don úsáideoir gréasáin gan mhoill faoi aon ath-leithdháileadh ar an acmhainn a thug sé suas. Is é an an t-údarás rialála náisiúnta a fhormheasfaidh na téarmaí agus coinníollacha sonracha maidir le hacmhainn a thabhairt suas, go háirithe i gcásanna ina dtugann roinnt úsáideoirí gréasáin a n-acmhainn suas.

*2.2.5. Sásra fadtéarmach 'mura n-úsáidfear í, caillfear í'*

1. Ceanglóidh na húdaráis rialála náisiúnta ar oibreoirí córais tarchurtha acmhainn chonarthach úsáideora gréasáin ag pointe idirnaisc atá tearcúsáidte go córasach, a

aistarraingt go páirteach nó go hiomlán, más rud é nár dhíol an t-úsáideoir sin a acmhainn neamhúsáidte nó nár thairg sé an acmhainn sin faoi choinníollacha réasúnta, agus más rud é go n-iarrann úsáideoirí eile an ghréasáin acmhainn dhocht. Meastar gur neamhúsáidte go córasach an acmhainn chonarthach go háirithe sna cásanna seo a leanas:

(a) go n-úsáideann an t-úsáideoir gréasáin níos lú ná 80 %, ar an meán, dá acmhainn chonarthach ón 1 Aibreán go dtí an 30 Meán Fómhair agus ón 1 Deireadh Fómhair go dtí an 31 Márta araon, arb é tréimhse is faide ná bliain amháin fad éifeachtach a chonartha agus nach féidir aon údar cuí a thabhairt ina leith; nó

(b) ainmníonn an t-úsáideoir gréasáin go córasach nach mór 100 % dá acmhainn chonarthach agus athainmníonn sé a acmhainn síos d'fhonn dul timpeall ar na rialacha a leagtar síos i bpointe 2.2.3(3).

2. Ní mheasfar cur i bhfeidhm an tsásra lá roimh ré 'mura n-úsáidfear í caillfear í' maidir le hacmhainn dhocht a bheith ina réasúnú chun cosc a chur ar phointe 1 a chur i bhfeidhm.

3. Is é an toradh a bheidh ar an aistarraingt go gcaillfidh an t-úsáideoir gréasáin a acmhainn chonarthach go páirteach nó go hiomlán ar feadh tréimhse áirithe nó ar feadh a bhfuil fágtha den téarma conarthach éifeachtach. Coimeádfaidh an t-úsáideoir gréasáin a chearta agus a oibleagáidí faoin gconradh acmhainne go dtí go ndéanfaidh an t-oibreoir córais tarchurtha an acmhainn a ath-leithdháileadh agus a mhéid nach ndéanfaidh an t-oibreoir córais tarchurtha an acmhainn sin a ath-leithdháileadh.

4. Cuirfidh na hoibreoirí córais tarchurtha na sonraí uile is gá ar fáil go tráthrialta do na húdaráis rialála náisiúnta chun faireachán a dhéanamh ar a mhéid a úsáidtear acmhainní conarthacha ag a bhfuil fad éifeachtach conartha is mó ná aon bhliain amháin nó ráithí athfhillteacha lena gcumhdaítear 2 bhliain ar a laghad.

## 3. SAINIÚ NA FAISNÉISE TEICNIÚLA IS GÁ LE GO MBEIDH ÚSÁIDEOIRÍ GRÉASÁIN IN ANN ROCHTAIN ÉIFEACHTACH A FHÁIL AR AN GCÓRAS GÁIS NÁDÚRTHA, SAINIÚ NA BPOINTÍ ÁBHARTHA UILE LE HAGHAIDH CEANGLAIS TRÉDHEARCACHTA AGUS NA FAISNÉISE ATÁ LE FOILSIÚ AG NA POINTÍ ÁBHARTHA UILE AGUS AN SCEIDEAL AMA AR DÁ RÉIR A FHOILSEOFAR AN FHAISNÉIS SIN

### 3.1. Sainiú ar an bhfaisnéis theicniúil is gá le go mbeidh úsáideoirí gréasáin in ann rochtain éifeachtach a fháil ar an gcóras

*3.1.1. Foirm an fhoilsithe*

1. Soláthróidh oibreoirí córais tarchurtha (OCTanna) an fhaisnéis uile dá dtagraítear faoi phointe 3.1.2 agus faoi phointí 3.3 (1) go 3.3(5) ar an mbealach seo a leanas:

(a) ar shuíomh gréasáin a bhfuil rochtain ag an bpobal air, saor in aisce agus gan aon ghá clárú nó síniú ar shlí eile leis an oibreoir córais tarchurtha;

(b) go tráthrialta/ar bhonn atrátha; beidh an mhinicíocht i gcomhréir leis na hathruithe a tharlóidh agus le fad na seirbhíse;

(c) ar bhealach atá soláimhsithe don úsáideoir;

(d) ar bhealach atá soiléir inchainníochtaithe agus atá inrochtana go héasca agus ar bhonn neamh-idirdhealaitheach.

(e) i bhformáid in-íoslódáilte a comhaontaítear idir na hoibreoirí córais tarchurtha agus na húdaráis rialála náisiúnta – ar bhonn tuairime maidir le formáid chomhchuibhithe a chuirfidh ACER ar fáil – agus lenar féidir anailísí cainníochtúla a dhéanamh;

(f) in aonaid chomhsheasmhacha, is é kWh go háirithe (kWh ag a bhfuil teocht tagartha dócháin 298,15 K) an t-aonad a bheidh ann maidir le cion fuinnimh agus is é m 3 (ag 273,15 K agus 1,01325 bar) an t-aonad maidir le méid. Cuirfear an fachtóir coinbhéartachta seasmhach ar fáil maidir leis an luach fuinnimh. Chomh maith leis an bhformáid thuas, is féidir iad a fhoilsiú in aonaid eile freisin;

(g) i dteanga oifigiúil nó i dteangacha oifigiúla an Bhallstáit agus i mBéarla.

(h) cuirfear na sonraí uile ar fáil ar ardán lárnach uile-Aontais amháin, arna bhunú ag an ENTSOG ar bhonn costéifeachtúlachta.

2. Soláthróidh na hoibreoirí córais tarchurtha sonraí maidir le hathruithe iarbhír ar an bhfaisnéis go léir dá dtagraítear faoi phointe 3.1.2 agus faoi phointí 3.3 (1) go 3.3(5) ar bhealach tráthúil a luaithe a bheidh siad ar fáil dóibh.

*3.1.2. Ábhar an fhoilsithe*

1. Foilseoidh oibreoirí córais tarchurtha an fhaisnéis seo a leanas, ar a laghad, faoina gcórais agus faoina seirbhísí:

(a) tuairisc mhionsonraithe chuimsitheach ar na seirbhísí éagsúla a thairgtear agus ar na muirir a ghabhann leo;

(b) na cineálacha éagsúla conarthaí iompair atá ar fáil le haghaidh na seirbhísí sin;

(c) an cód gréasáin agus/nó na coinníollacha caighdeánacha ina leagtar amach cearta agus freagrachtaí gach úsáideora gréasáin, lena n-áirítear:

(i) conarthaí comhchuibhithe iompair agus doiciméid ábhartha eile;

(ii) más ábhartha maidir le rochtain ar an gcóras, i dtaca leis na pointí ábhartha uile mar a shainmhínítear iad i bpointe 3.2 den Iarscríbhinn seo, sonraíocht ar na paraiméadair ábhartha cáilíochta gáis, lena n-áirítear an t-oll-luach calrach ar a laghad, innéacs Wobbe agus cion ocsaigine, agus an dliteanas nó na costais comhshó d'úsáideoirí gréasáin más rud é go bhfuil an gás lasmuigh de na sonraíochtaí seo;

(iii) más ábhartha maidir le rochtain ar an gcóras, le haghaidh na gceanglas brú i dtaca le gach pointe ábhartha;

(iv) an nós imeachta i gcás ina n-idirbhristear an acmhainn in-idirbhriste, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, uainiú, méid agus rangú na n-idirbhristeacha aonair (ar bhonn pro-rata nó 'an t-idirbhriseadh deireanach ar an gceann is túisce', mar shampla);

(d) na nósanna imeachta comhchuibhithe a chuirtear i bhfeidhm agus an córas tarchurtha á úsáid, lena n-áirítear sainmhíniú ar na téarmaí tábhachtacha;

(e) forálacha maidir le leithdháileadh acmhainne, bainistiú ar phlódú agus nósanna imeachta frithchnapaireachta agus athúsáidte;

(f) na rialacha is infheidhme maidir le trádáil acmhainne ar an margadh tánaisteach *vis-à-vis* an t-oibreoir córais tarchurtha;

(g) rialacha maidir le comhardú agus an mhodheolaíocht chun muirir neamhchomhardaithe a ríomh;

(h) más infheidhme, na leibhéil solúbthachta agus lamháltais a chuimsítear sna seirbhísí iompair agus i seirbhísí eile gan muirear ar leithligh, agus aon solúbthacht a thairgtear sa bhreis air sin agus na muirir chomhfhreagracha;

(i) tuairisc mhionsonraithe ar chóras gáis an oibreora córais tarchurtha agus a phointí idirnaisc ábhartha mar a shainmhínítear i bpointe 3.2 den Iarscríbhinn seo mar aon le hainmneacha oibreoirí na gcóras nó na saoráidí idirnasctha;

(j) na rialacha is infheidhme maidir le nascadh leis an gcóras a oibríonn an t-oibreoir córais tarchurtha;

(k) faisnéis faoi shásraí éigeandála, a mhéid atá an fhreagracht ar an oibreoir córais tarchurtha, amhail bearta arb é a d'fhéadfadh a bheith ann mar thoradh orthu, grúpaí custaiméirí a dhíscor, mar aon le rialacha ginearálta dliteanais eile is féidir a bheith infheidhme maidir leis an oibreoir córais tarchurtha;

(l) na nósanna imeachta arna gcomhaontú ag na hoibreoirí córais tarchurtha ag na pointí idirnaisc, nósanna imeachta atá ábhartha maidir le rochtain úsáideoirí gréasáin ar na córais tarchurtha lena mbaineann, nósanna imeachta a bhaineann le hidir-inoibritheacht an ghréasáin, nósanna imeachta comhaontaithe um ainmniúcháin agus próisis meaitseála agus nósanna imeachta comhaontaithe eile lena leagtar amach forálacha maidir le leithdháiltí na sreabh gáis agus comhardú, lena n-áirítear na modhanna a úsáidtear;

(m) foilseoidh na hoibreoirí córais tarchurtha tuairisc mhionsonraithe chuimsitheach ar an modheolaíocht agus ar an nós imeachta, lena n-áirítear faisnéis faoi na paraiméadair a úsáidtear agus faoi na príomhthoimhdí, nithe a úsáidtear chun an acmhainn theicniúil a ríomh.

### 3.2. Sainiú na bpointí ábhartha uile maidir le riachtanais trédhearcachta

1. Áireofar an méid seo a leanas sna na pointí ábhartha:

(a) gach pointe iontrála chuig gréasán tarchurtha, agus gach pointe scoir uaidh sin, gréasán a oibríonn oibreoir córais tarchurtha, cé is moite de phointí scoir atá nasctha le custaiméir aonair deiridh, agus cé is moite de phointí iontrála atá nasctha go díreach le saoráid táirgthe táirgeora aonair atá lonnaithe laistigh den Aontas;

(b) na pointí iontrála agus scoir uile lena nasctar criosanna comhardúcháin de chuid oibreoirí córais tarchurtha;

(c) na pointí uile lena nasctar gréasán oibreora córais tarchurtha le críochfort GNL, moil gháis fhisicigh, saoráidí stórála agus táirgthe, ach amháin má dhíolmhaítear na saoráidí táirgthe sin faoi phointe (a);

(d) na pointí uile lena nasctar gréasán oibreora córais tarchurtha ar leith leis an mbonneagar is gá chun seirbhísí coimhdeacha a sholáthar mar a shainítear le hAirteagal 2( 30 ) [den Treoir athmhúnlaithe maidir le Gás arna moladh le COM(2021)xxx].

2. Foilseofar faisnéis, i bhformáid chomhiomlán, in aghaidh an chreasa chomhardaithe ar a laghad, le haghaidh custaiméirí deiridh aonair agus saoráidí táirgthe, faisnéis a eisiatar ón sainmhíniú ar na pointí ábhartha mar a thuairiscítear faoi phointe 3.2(1)(a). Maidir le comhiomlán na gcustaiméirí deiridh aonair agus na saoráidí

táirgthe, a eisiatar ón sainmhíniú ar na pointí ábhartha mar a thuairiscítear faoi phointe 3.2(1)(a), measfar gur pointe ábhartha amháin é maidir le cur i bhfeidhm na hIarscríbhinne seo.

3. I gcás inarb iad na hoibreoirí tarchurtha lena mbaineann amháin a bhainistíonn na pointí idir dhá oibreoir tarchurtha nó níos mó, gan aon rannpháirtíocht chonarthach nó oibríochtúil ar bith ag úsáideoirí an chórais, más rud é go nascann pointí córas tarchurtha le córas dáileacháin agus nach bhfuil aon phlódú conarthach ann ag na pointí sin, díolmhófar oibreoirí córais tarchurtha ón oibleagáid na ceanglais faoi phointe 3.3 den Iarscríbhinn seo a fhoilsiú. Féadfaidh an t-údarás rialála náisiúnta ceangal a chur ar na hoibreoirí córais tarchurtha na ceanglais faoi phointe 3.3 den Iarscríbhinn seo a fhoilsiú le haghaidh grúpaí, nó faoi na pointí díolmhaithe go léir. Sa chás sin, má bhíonn an fhaisnéis sin ar fáil don oibreoir córais tarchurtha, foilseofar í i bhfoirm chomhiomlán ar leibhéal bríoch, in aghaidh an chreasa chomhardaithe ar a laghad. Measfar gur pointe ábhartha amháin é comhiomlán na bpointí sin chun an iarscríbhinn seo a chur i bhfeidhm.

**3.3. Faisnéis atá le foilsiú ag na pointí ábhartha uile agus an sceideal ama ar dá réir is ceart an fhaisnéis sin a fhoilsiú**

1. Ag na pointí ábhartha go léir, foilseoidh na hoibreoirí córais tarchurtha an fhaisnéis a liostaítear i bpointí ( a) go (g), le haghaidh na seirbhísí agus na seirbhísí coimhdeacha uile a chuirtear ar fáil (go háirithe an fhaisnéis maidir le cumasc, ballastú agus tiontú). Foilseofar an fhaisnéis sin ar bhonn uimhriúil, in aghaidh na huaire nó tréimhsí laethúla, bonn tréimhsiúil is coibhéiseach leis an tréimhse thagartha is lú chun acmhainn a chur in áirithe agus a (ath)ainmniú agus an tréimhse socraíochta is lú a ndéantar muirir neamhchomhardaithe a ríomh ina leith. Má tá an tréimhse thagartha is lú éagsúil le tréimhse laethúil, cuirfear an fhaisnéis a liostaítear i bpointí (a) go (g) ar fáil freisin maidir leis an tréimhse laethúil. Foilseofar an fhaisnéis agus na nuashonruithe sin a luaithe a bheidh siad ar fáil d'oibreoir an chórais ('neas-fhíoram').

(a) acmhainn theicniúil na sreabh sa dá threo;

(b) an acmhainn dhocht chonarthach iomlán agus an acmhainn in-idirbhriste chonarthach iomlán, sa dá threo;

(c) na hainmniúcháin agus na hathainmniúcháin sa dá threo;

(d) an acmhainn dhocht agus an acmhainn in-idirbhriste atá ar fáil sa dá threo;

(e) an sreabhadh fisiceach iarbhír;

(f) idirbhriseadh ar an acmhainn in-idirbhriste a bheartaítear agus idirbhriseadh iarbhír;

(g) idirbhristeacha beartaithe agus neamhbheartaithe ar sheirbhísí acmhainne dochta chomh maith leis an bhfaisnéis faoi athchóiriú na seirbhísí dochta (go háirithe, cothabháil an chórais agus an fad is dócha a mhairfidh aon idirbhriseadh de bharr cothabhála). Aon idirbhriseadh a bheartaítear, fógrófar é 42 lá roimh ré ar a laghad;

(h) aon iarraidh nár éirigh leo, iarraidh atá bailí ó thaobh an dlí de, ar tháirgí acmhainne dochta arb é aon mhí amháin nó níos mó a bhfad, lena n-áirítear an líon iarrataí nár éirigh leo agus a dtoirteanna;

(i) i gcás ceantanna, cén áit agus cén uair is airde ná an praghas cúltaca an praghas imréitigh ar tháirgí acmhainne dochta, arb é aon mhí amháin nó níos mó a bhfad;

(j) cén áit agus cén uair nár tairgeadh aon táirge acmhainne dochta sa ghnáthphróiseas leithdháilte, arb é mí amháin nó níos mó fad an táirge.

(k) an acmhainn iomlán a cuireadh ar fáil de réir gach nós imeachta bainistithe plódaithe a chuirtear i bhfeidhm, nósanna imeachta a leagtar síos i bpointí 2.2.2, 2.2.3, 2.2.4 agus 2.2.5

2. Ag gach pointe ábhartha, foilseofar an fhaisnéis faoi phointí 3.3(1)(a), (b) agus (d) ar feadh tréimhse 24 mhí roimh ré ar a laghad.

3. Foilseoidh na hoibreoirí córais tarchurtha, ag gach pointe ábhartha, faisnéis stairiúil maidir le ceanglais phointí 3.3 (1)(a) go (g) faoi na 5 bliana roimhe sin ar bhonn rollach.

4. Foilseoidh na hoibreoirí córais tarchurtha luachanna tomhaiste den oll-luach calrach, innéacs Wobbe, an cion hidrigine a chumasctar sa chóras gáis nádúrtha, an cion meatáin agus an cion ocsaigine ag gach pointe ábhartha, ar bhonn laethúil. Foilseofar réamhfhigiúirí 3 lá ar a dhéanaí i ndiaidh lá an gháis atá i gceist. Foilseofar na figiúirí deiridh laistigh de 3 mhí tar éis dheireadh na míosa atá i gceist.

5. Maidir le gach pointe ábhartha, foilseoidh na hoibreoirí córais tarchurtha na hacmhainní atá ar fáil, na hacmhainní áirithithe agus teicniúla, ar bhonn bliantúil thar na blianta go léir ina ndéantar conradh acmhainne móide 1 bhliain, agus go ceann na 10 mbliana atá le teacht ar a laghad. Tabharfar an fhaisnéis sin chun dáta gach mí, ar a laghad, nó níos minice ná sin má bhíonn faisnéis nua ar fáil. Léireofar san fhoilsiú an tréimhse ar ina leith a dtairgtear acmhainn don mhargadh.

**3.4. Faisnéis atá le foilsiú maidir leis an gcóras tarchurtha agus an sceideal ama ar dá réir is ceart an fhaisnéis sin a fhoilsiú**

1. Áiritheoidh na hoibreoirí córais tarchurtha go bhfoilseofar, ar bhonn laethúil, méideanna comhiomlánaithe na n-acmhainní a thairgfear agus, na na n-acmhainní conarthacha ar an margadh tánaisteach, (i.e. acmhainn a dhíol úsáideoir gréasáin amháin le húsáideoir gréasáin eile), áiritheoidh siad go dtabharfar an fhaisnéis sin cothrom le dáta gach lá, má bhíonn sí ar fáil don oibreoir córais tarchurtha. Áireofar san fhaisnéis sin na sonraíochtaí seo a leanas:

(a) an pointe idirnaisc, áit ar díoladh an acmhainn;

(b) an cineál acmhainne, i.e. iontráil, scoir, docht, in-idirbhriste;

(c) cainníocht agus fad na gceart úsáide acmhainne;

(d) an cineál díolacháin, e.g. aistriú nó sannadh;

(e) an líon iomlán trádálacha/aistrithe;

(f) aon choinníoll eile is eol don oibreoir córais tarchurtha mar a luaitear i bpointe 3.3.

Más tríú páirtí a chuireann an fhaisnéis sin ar fáil, beidh oibreoirí córais tarchurtha díolmhaithe ón bhforáil sin.

2. Foilseoidh oibreoirí córais tarchurtha coinníollacha comhchuibhithe faoina nglacfaidh siad le hidirbhearta acmhainne (e.g. aistrithe agus sannacháin). Ní mór an méid seo a leanas, ar a laghad, a áireamh sna coinníollacha sin:

(a) tuairisc ar na táirgí caighdeánaithe is féidir a dhíol ar an margadh tánaisteach;

(b) an t-aga le trádáil a chur chun feidhme, glacadh le trádáil agus trádáil a chlárú. Má bhíonn moill ann, ní mór na cúiseanna leis sin a fhoilsiú;

(c) fógra don oibreoir córais tarchurtha ón díoltóir nó ón tríú páirtí dá dtagraítear faoi phointe 3.4(1) faoi ainm an díoltóra agus an cheannaitheora agus faoi shonraíochtaí na hacmhainne mar a leagtar amach i bpointe 3.4(1).

Más tríú páirtí a chuireann an fhaisnéis sin ar fáil, beidh oibreoirí córais tarchurtha díolmhaithe ón bhforáil sin.

3. Maidir le seirbhís comhordaithe a chórais, soláthróidh gach oibreoir córais tarchurtha do gach úsáideoir gréasáin, le haghaidh gach tréimhse chomhardaithe, a réamh-mhéideanna sonracha neamhchomhordaithe agus sonraí costais in aghaidh an úsáideora gréasáin aonair, mí amháin ar a dhéanaí tar éis dheireadh na tréimhse comhardaithe. Féadfar sonraí deiridh na gcustaiméirí arna soláthar de réir na bpróifílí lóid caighdeánaithe a chur ar fáil 14 mhí ina dhiaidh sin ar a dhéanaí. Más tríú páirtí a chuireann an fhaisnéis sin ar fáil, beidh oibreoirí córais tarchurtha díolmhaithe ón bhforáil sin. Le soláthar na faisnéise sin, urramófar an rúndacht a ghabhann le faisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála

4. I gcás ina dtairgtear seirbhísí solúbthachta, seachas lamháltais, le haghaidh rochtain tríú páirtí, foilseoidh na hoibreoirí córais tarchurtha réamhaisnéisí laethúla, ar bhonn lá roimh ré, faoi uasmhéid na solúbthachta, an leibhéal solúbthachta a cuireadh in áirithe agus infhaighteacht na solúbthachta le haghaidh an mhargaidh don chéad lá gáis eile. Ina theannta sin, foilseoidh an t-oibreoir córais tarchurtha faisnéis *ex-post* maidir le húsáid chomhiomlán gach seirbhíse solúbthachta ag deireadh gach lae gáis. Más deimhin leis an údarás rialála náisiúnta go bhféadfadh úsáideoirí gréasáin mí-úsáid a bhaint as an bhfaisnéis sin, féadfaidh sé a chinneadh an t-oibreoir córais tarchurtha a dhíolmhú ón oibleagáid sin.

5. Foilseoidh na hoibreoirí córais tarchurtha, in aghaidh gach creasa comhordaithe, an méid gáis sa chóras tarchurtha ag tús gach lae gáis agus ag deireadh gach lae gáis mar aon le réamhaisnéis faoin méid gáis sa chóras tarchurtha. Déanfar méid gáis na réamhaisnéise le haghaidh dheireadh an lae gáis a nuashonrú in aghaidh na huaire i rith an lae gáis. Má ríomhtar muirir neamhchomhordaithe in aghaidh na huaire, foilseoidh an t-oibreoir córais tarchurtha an méid gáis sa chóras tarchurtha in aghaidh na huaire. De rogha air sin, foilseoidh na hoibreoirí córais tarchurtha, in aghaidh gach creasa comhordaithe, staid neamhchomhordaithe chomhiomlán na n-úsáideoirí uile ag tús gach tréimhse neamhchomhordaithe agus an réamhaisnéis maidir le staid neamhchomhordaithe chomhiomlán na n-úsáideoirí uile ag deireadh gach lae gáis. Más deimhin leis an údarás rialála náisiúnta go bhféadfadh úsáideoirí gréasáin mí-úsáid a bhaint as an bhfaisnéis sin, féadfaidh sé a chinneadh an t-oibreoir córais tarchurtha a dhíolmhú ón oibleagáid sin.

6. Cuirfidh oibreoirí córais tarchurtha ionstraimí atá soláimhsithe don úsáideoir ar fáil chun taraifí a ríomh.

7. Coimeádfaidh na hoibreoirí córais tarchurtha ar fáil do na húdaráis ábhartha náisiúnta, ar feadh cúig (5) bliana ar a laghad, taifid éifeachtacha maidir leis na conarthaí acmhainne uile agus an fhaisnéis ábhartha eile go léir i ndáil le ríomh na n-

acmhainní atá ar fáil agus an rochtain orthu, go háirithe maidir le hainmniúcháin aonaracha agus idirbhristeacha. Ní mór do na hoibreoirí córais tarchurtha doiciméadacht le haghaidh na faisnéise ábhartha uile faoi phointe 3.3(4) agus (5) a choimeád ar feadh cúig (5) bliana ar a laghad agus an doiciméadacht sin a chur ar fáil don údarás rialála arna iarraidh sin dó. Urramóidh an dá pháirtí an rúndacht tráchtála.

8 Déanfaidh na hoibreoirí córais tarchurtha, go bliantúil ar a laghad, roimh spriocdháta réamhshocraithe, na tréimhsí cothabhála go léir atá beartaithe agus a bhféadfadh difear a dhéanamh do chearta úsáideoirí gréasáin a thagann ó chonarthaí iompair an fhaisnéis oibríochtúil chomhfhreagrach mar aon le réamhfhógra leordhóthanach a fhoilsiú. Áireofar leis sin go bhfoilseofar, ar bhonn pras neamh-idirdhealaitheach, aon athruithe ar na tréimhsí cothabhála atá beartaithe agus go dtabharfar fógra faoi chothabháil neamhphleanáilte, a luaithe atá an fhaisnéis sin ar fáil don oibreoir córais tarchurtha. Le linn na dtréimhsí cothabhála, foilseoidh na hoibreoirí córais tarchurtha faisnéis a dhéantar a uasdátú go tráthrialta maidir le mionsonraí na cothabhála agus maidir leis an ré a cheaptar a bheidh sí ar siúl agus an éifeacht a bheidh aici.

## 4. FORMÁID AGUS ÁBHAR AN FHOILSITHE FAISNÉISE TEICNIÚLA MAIDIR LE ROCHTAIN OIBREOIRÍ GRÉASÁN HIDRIGINE AR AN NGRÉASÁN AGUS AN FHAISNÉIS ATÁ LE FOILSIÚ AG NA POINTÍ ÁBHARTHA UILE AGUS AN SCEIDEAL AMA

### 4.1. Formáid an fhoilsithe faisnéise teicniúla maidir le rochtain ar an ngréasán

1. Soláthróidh oibreoirí gréasán hidrigine an fhaisnéis ar fad is gá d'úsáideoirí gréasán chun rochtain éifeachtach a fháil ar an ngréasán dá dtagraítear faoi phointe 4.2 agus faoi phointe 4.3 ar an mbealach seo a leanas:

(a) ar shuíomh gréasáin a bhfuil rochtain ag an bpobal air, é saor in aisce agus gan aon ghá clárú nó síniú ar shlí eile leis an oibreoir gréasáin hidrigine;

(b) go tráthrialta/ar bhonn atrátha; beidh an mhinicíocht i gcomhréir leis na hathruithe a tharlóidh agus le fad na seirbhíse;

(c) ar bhealach atá soláimhsithe don úsáideoir;

(d) ar bhealach atá soiléir inchainníochtaithe agus atá inrochtana go héasca agus ar bhonn neamh-idirdhealaitheach.

(e) i bhformáid in-íoslódáilte a comhaontaíodh idir na hoibreoirí gréasán hidrigine agus na húdaráis rialála – ar bhonn tuairime maidir le formáid chomhchuibhithe a chuirfidh ACER ar fáil – agus lenar féidir anailísí cainníochtúla a dhéanamh;

(f) in aonaid chomhsheasmhacha, is é kWh go háirithe an t-aonad a bheidh ann maidir leis an luach fuinnimh agus m3 an t-aonad maidir le toirt. Cuirfear an fachtóir coinbhéartachta seasmhach ar fáil maidir leis an luach fuinnimh. Chomh maith leis an bhformáid thuas, is féidir iad a fhoilsiú in aonaid eile freisin;

(g) i dteanga oifigiúil nó i dteangacha oifigiúla an Bhallstáit agus i mBéarla.

(h) cuirfear na sonraí uile ar fáil amhail ón [1 Deireadh Fómhair 2025] ar ardán lárnach uile-Aontais amháin, arna bhunú ag Líonra Eorpach na nOibreoirí Gréasáin Hidrigine ar bhonn costéifeachtúlachta.

2. Soláthróidh na hoibreoirí gréasán hidrigine sonraí maidir le hathruithe iarbhír ar an bhfaisnéis go léir dá dtagraítear faoi phointe 4.2 agus phointe 4.3 ar bhealach tráthúil a luaithe a bheidh siad ar fáil dóibh.

**4.2. Ábhar an fhoilsithe faisnéise teicniúla maidir le rochtain ar an ngréasán**

1. Foilseoidh oibreoirí gréasáin hidrigine an fhaisnéis seo a leanas, ar a laghad, faoina gcórais agus faoina seirbhísí:

(a) tuairisc mhionsonraithe chuimsitheach ar na seirbhísí éagsúla a thairgtear agus ar na muirir a ghabhann leo;

(b) na cineálacha éagsúla conarthaí iompair atá ar fáil le haghaidh na seirbhísí sin;

(c) na cóid gréasáin agus/nó na coinníollacha caighdeánacha ina leagtar amach cearta agus freagrachtaí gach úsáideora gréasáin, lena n-áirítear:

(1) conarthaí comhchuibhithe iompair agus doiciméid ábhartha eile;

(2) más ábhartha maidir le rochtain ar an ngréasán, i dtaca leis na pointí ábhartha uile, sonraíocht ar na paraiméadair cáilíochta hidrigine ábhartha, agus an dliteanas nó na costais comhshó d'úsáideoirí gréasáin más rud é go bhfuil an hidrigin lasmuigh de na sonraíochtaí sin;

(3) más ábhartha maidir le rochtain ar an gcóras, le haghaidh na gceanglas brú i dtaca le gach pointe ábhartha;

(d) na nósanna imeachta comhchuibhithe a chuirtear i bhfeidhm agus an gréasán hidrigine á úsáid, lena n-áirítear sainmhíniú ar na téarmaí tábhachtacha;

(e) más infheidhme, na leibhéil solúbthachta agus lamháltais a chuimsítear sna seirbhísí iompair agus i seirbhísí eile gan muirear ar leithligh, agus aon solúbthacht a thairgtear sa bhreis air sin agus na muirir chomhfhreagracha;

(f) tuairisc mhionsonraithe ar ghréasán hidrigine an oibreora hidrigine agus a phointí idirnaisc ábhartha mar a shainmhínítear i bpointe 2 mar aon le hainmneacha oibreoirí na ngréasán nó na saoráidí idirnasctha;

(g) na rialacha is infheidhme maidir le nascadh leis an ngréasán a oibríonn an t-oibreoir gréasáin hidrigine;

(h) an fhaisnéis faoi shásraí éigeandála, a mhéid atá an fhreagracht ar an oibreoir gréasáin hidrigine, amhail bearta arb é a d'fhéadfadh a bheith ann mar thoradh orthu, grúpaí custaiméirí a dhíscor, mar aon le rialacha ginearálta dliteanais eile is féidir a bheith infheidhme maidir leis an oibreoir gréasáin hidrigine;

(i) na nósanna imeachta arna gcomhaontú ag oibreoirí gréasán hidrigine ag pointí idirnaisc, nósanna imeachta atá ábhartha maidir le rochtain na n-úsáideoirí gréasáin ar an ngréasán hidrigine lena mbaineann, a bhaineann le hidir-inoibritheacht an ghréasáin.

2. Áireofar an méid seo a leanas sna na pointí ábhartha:

(a) gach pointe iontrála chuig gréasán hidrigine, agus gach pointe scoir uaidh sin, gréasán a oibríonn oibreoir gréasáin hidrigine, cé is moite de phointí scoir atá nasctha le custaiméir aonair deiridh, agus cé is moite de phointí iontrála atá nasctha go díreach le saoráid táirgthe táirgeora aonair atá lonnaithe laistigh den Aontas;

(b) na pointí iontrála agus scoir uile lena nasctar gréasáin na n-oibreoirí gréasán hidrigine;

(c) na pointí uile lena nasctar gréasán oibreora gréasán hidrigine le críochfort GNL, críochfoirt hidrigine, moil gháis fhisicigh, saoráidí stórála agus táirgthe, ach amháin má dhíolmhaítear na saoráidí táirgthe sin faoi phointe (a);

(d) na pointí uile lena nasctar gréasán oibreora gréasáin hidrigine ar leith leis an mbonneagar is gá chun seirbhísí coimhdeacha a sholáthar.

3. Foilseofar faisnéis, i bhformáid chomhiomlán, in aghaidh an chreasa chomhardaithe ar a laghad, le haghaidh custaiméirí deiridh aonair agus saoráidí táirgthe, faisnéis a eisiatar ón sainmhíniú ar na pointí ábhartha mar a thuairiscítear faoi phointe 2(a) den roinn seo, agus measfar gurb é atá iontu pointe ábhartha amháin.

**4.3. Faisnéis atá le foilsiú ag na pointí ábhartha uile agus an sceideal ama**

1. Ag na pointí ábhartha uile, foilseoidh oibreoirí gréasán hidrigine an fhaisnéis a liostaítear i bpointí (a) go (g), maidir leis na seirbhísí uile ar bhonn uimhriúil, in aghaidh na huaire nó i dtréimhsí laethúla. Foilseofar an fhaisnéis agus na nuashonruithe sin a luaithe a bheidh siad ar fáil d'oibreoir an ghréasáin hidrigine ('neas-fhíoram'):

(a) acmhainn theicniúil na sreabh sa dá threo;

(b) an acmhainn chonarthach iomlán, sa dá threo;

(c) na hainmniúcháin agus na hathainmniúcháin sa dá threo;

(d) an acmhainn atá ar fáil sa dá threo;

(e) an sreabhadh fisiceach iarbhír;

(f) idirbhriseadh beartaithe agus idirbhriseadh iarbhír ar an acmhainn;

(g) idirbhristeacha beartaithe agus neamhbheartaithe ar sheirbhísí. Aon idirbhriseadh a bheartaítear, fógrófar é 42 lá roimh ré ar a laghad;

2. Ag gach pointe ábhartha, foilseofar an fhaisnéis faoi phointí 1(a), (b) agus (d) den Airteagal seo ar feadh tréimhse 24 mhí roimh ré ar a laghad.

3. Foilseoidh na hoibreoirí gréasán hidrigine, ag gach pointe ábhartha, faisnéis stairiúil maidir le ceanglais phointí 1(a) go (f) den Airteagal seo faoi na 5 bliana roimhe sin ar bhonn rollach.

4. Foilseoidh oibreoirí gréasáin hidrigine luachanna tomhaiste na híonachta hidrigine agus na n-éilleán ag gach pointe ábhartha, ar bhonn laethúil. Foilseofar réamhfhigiúirí laistigh de 3 lá ar a dhéanaí. Foilseofar na figiúirí deiridh laistigh de 3 mhí tar éis dheireadh na míosa atá i gceist.

5. Leagfar síos i gcód gréasáin arna bhunú ar bhonn Airteagal 52 den Rialachán seo na sonraí breise is gá chun pointí 4.1, 4.2 agus 4.3 a chur chun feidhme, e.g. mionsonraí maidir le formáid agus ábhar na faisnéise is gá d'úsáideoirí gréasáin ionas go mbeidh rochtain éifeachtach acu ar an ngréasán, an fhaisnéis atá le foilsiú ag na pointí ábhartha agus na sonraí maidir le sceidil ama.

# IARSCRÍBHINN II

## SOCRUITHE TEICNIÚLA, DLÍTHIÚLA AGUS AIRGEADAIS RÉAMHSHOCRAITHE DE BHUN AIRTEAGAL 13(14) DE RIALACHÁN (AE) 2017/1938

San Iarscríbhinn seo tá an nós imeachta – agus é i bhfoirm teimpléad éigeantach – chun an beart dlúthpháirtíochta faoi Airteagal 13 a chur chun feidhme, tá an nós imeachta sin le leanúint sa chás nár tháinig an Ballstát a bhfuil an dlúthpháirtíocht á hiarraidh aige ('an Ballstát Iarrthach') agus an Ballstát atá faoi oibleagáid an beart dlúthpháirtíochta a sholáthar faoi Airteagal 13(1) agus (2) ('an Ballstát is soláthraí') ar chomhaontú maidir leis na socruithe teicniúla, dlíthiúla agus airgeadais faoi Airteagal 13(10), nó nár thug siad chun críche iad.

I gcás ina bhfuil roinnt Ballstát is Soláthraí ann agus tá socruithe déthaobhacha dlúthpháirtíochta i bhfeidhm ag ceann amháin nó níos mó acu, ba cheart tosaíocht a bheith ag na socruithe sin idir na Ballstáit a bhfuil comhaontú déthaobhach acu. Beidh feidhm ag na socruithe réamhshocraithe maidir leis na Ballstáit is soláthraí atá fágtha, agus leis na Ballstáit sin amháin.

Is le ríomhphost go príomha a dhéanfar an chumarsáid idir na Ballstáit Iarrthacha na Ballstáit is Soláthraithe; mura féidir déanamh amhlaidh, déanfar an chumarsáid sin ar an nguthán nó trí aon mheán eile atá ar fáil, meán atá le sonrú san iarraidh ar dhlúthpháirtíocht agus le deimhniú san admháil go bhfuarthas an iarraidh.

Seolfar na teimpléid seo a leanas trí ríomhphost, agus iad líonta isteach, chuig na contrapháirtithe ábhartha sna Ballstáit eile (chuig an bpríomh-sheolaí, le haghaidh gníomhaíochta), agus chuig pointe teagmhála an Choimisiúin maidir le bainistiú géarchéime gáis (bíodh sé i gcóip, mar eolas dó).

1. **Iarraidh ar dhlúthpháirtíocht** *(le líonadh isteach i mBéarla)*

| |
|---|
| Treoracha:<br>Le seoladh 20 uair an chloig roimh thús an lae seachadta ar a dhéanaí *(seachas i gcás force majeur)*.<br>I gcás ina bhfuil roinnt Ballstát is Soláthraí, seolfar an iarraidh ar dhlúthpháirtíocht chuig gach Ballstát acu sin an tráth céanna, agus úsáidfear an t-aon ríomhphost amháin, más féidir.<br>Ní mór an beart dlúthpháirtíochta a iarraidh don lá gáis dár gcionn, mar a shainmhínítear in Airteagal 3(7) de Rialachán (AE) Uimh. 984/2013. Más gá, déanfar an iarraidh sin arís le haghaidh laethanta gáis breise. |

Dáta: _______________________

An t-am: _______________________

1. Thar ceann *(an Ballstát iarrthach)*, iarraim ar *(an Ballstát is Soláthraí)* na bearta dlúthpháirtíochta faoi Airteagal 13(1) agus Airteagal 13(2) *(scrios Airteagal 13(2) sin mura bhfuil sé ábhartha)* a chur chun feidhme. Deimhním go gcomhlíontar ceanglais in Airteagal 13(3).

2. Tuairisc ghairid ar na bearta atá á gcur chun feidhme ag *(an Ballstát Iarrthach)* (bearta dá bhforáiltear in Airteagal 13(3)(c)):

______________________________________________________________

3. Geallann *(an Ballstát iarrthach)* cúiteamh cothrom a íoc go pras *(leis an mBallstát is Soláthraí)* as na bearta dlúthpháirtíochta i gcomhréir le hAirteagal 13(8). Íocfar an cúiteamh in EUR laistigh de 30 lá tar éis an admháil a fháil.

4. Údarás inniúil an Bhallstáit iarrthaigh:

______________________________________________________________

Teagmhálaí:_____________________________

Ríomhphost: __________________________________

Fón: +__________________________________ fón cúltaca: _______________________

Modh malartach le teachtaireachtaí meandracha a chur:
+__________________________________

5. Údarás inniúil an Bhallstáit is Soláthraí (deimhnigh an t-údarás i d'admháil):

______________________________________________________________

Teagmhálaí:_____________________________

Ríomhphost: __________________________________

Fón: +__________________________________ fón cúltaca: _______________________

Modh malartach le teachtaireachtaí meandracha a chur:
+__________________________________

3. OCT freagrach sa Bhallstát iarrthach:

_____________________________________________________________

Teagmhálaí:________________________

Fón +___________________________

4. Bainisteoir freagrach an limistéir margaidh sa Bhallstát iarrthach (más ábhartha):

_____________________________________________________________

Teagmhálaí:________________________

Fón +___________________________

6. I gcás bearta dlúthpháirtíochta deonacha (margadhbhunaithe), beidh conarthaí seachadta gáis tugtha i gcrích le rannpháirtithe sa mhargadh sa Bhallstát is Soláthraí

□ ag an mBallstát iarrthach nó

□ ag gníomhaire, ag gníomhú dó ar son an Bhallstáit iarrthaigh (faoi ráthaíocht an Bhallstáit)

Ainm:________________________________.

Teagmhálaí:_________________________

Fón: +_______________________________.

7. Sonraí teicniúla na hiarrata

a) An méid gáis is gá (iomlán)

________________________________________ kWh,

arb é atá ann

luach calrach ard gáis: ______________________ kWh;

luach calrach íseal gáis: ______________________ kWh.

b) Pointí seachadta (idirnascairí):

_________________________;

_________________________;

_________________________;

_________________________.

An bhfuil teorainneacha ann maidir leis na pointí seachadta:

□ Níl

□ Tá

Má tá, sonraigh na pointí seachadta sin go díreach agus na toirteanna gáis is gá:

| An pointe seachadta | Toirt an gháis |
|---|---|
| __________________________ | _____________________ kWh |
| __________________________ | _____________________ kWh |
| __________________________ | _____________________ kWh |
| __________________________ | _____________________ kWh |

Síniú: ____________________________

2. **Admháil go bhfuarthas an fhaisnéis bhreise/iarraidh ar fhaisnéis bhreise** *(le líonadh isteach i mBéarla)*

| Treoracha: |
|---|
| Le seoladh laistigh de 30 nóiméad tar éis an iarraidh a fháil. |

Le cur faoi bhráid *(Údarás inniúil an Bhallstáit iarrthaigh)*:

Thar ceann (an Ballstát is Soláthraí), admhaím go bhfuarthas d'iarraidh ar na bearta dlúthpháirtíochta faoi Airteagal 13(1) agus Airteagal 13(2) (scrios Airteagal 13(2) sin mura bhfuil sé ábhartha).

Deimhním na sonraí teagmhála atá le húsáid sna chéad chéimeanna eile, nó cheartaigh mé iad:

Teagmhálaí:____________________________

Ríomhphost: _________________________________

Fón: +_________________________________ fón cúltaca: ______________________

Modh malartach le teachtaireachtaí meandracha a chur:
+_________________________________

*(Má bhíonn an iarraidh neamhiomlán/má bhíonn earráidí nó easnaimh ann)* Tar éis d'iarraidh a fhíorú, is cosúil go bhfuil na hearráidí seo a leanas/an fhaisnéis seo a leanas ar iarraidh inti:

…………………………………………………………………………………………
……………………………………………………………………………………….

Seol iarraidh leasaithe chugainn, le do thoil, iarraidh ina bhfuil an fhaisnéis atá ar iarraidh/an fhaisnéis cheart laistigh de 30 nóiméad, más féidir.

Arna dhéanamh an (dáta) ……….. ar (am) …………….

Síniú: ………………………………..

3. **Tairiscint dlúthpháirtíochta** *(le líonadh isteach i mBéarla)*

<table><tr><td>
Treoracha:

Le seoladh 11 uair an chloig roimh thús an lae seachadta ar a dhéanaí *(seachas i gcás force majeur).*

Áireofar go príomha sa tairiscint dlúthpháirtíochta tairiscintí ar ghás atá bunaithe ar bhearta deonacha ('Tairiscintí príomhúla'). Ina theannta sin, más rud é nach leor na tairiscintí príomhúla chun na méideanna a luaitear san iarraidh ar dhlúthpháirtíocht a chumhdach, áireofar sa tairiscint dlúthpháirtíochta tairiscintí breise ar ghás ('Tairiscintí tánaisteacha'), agus iad bunaithe ar bhearta éigeantacha. Más rud é nach leo na tairiscintí príomhúla ó Bhallstáit eile is Soláthraithe (más ábhartha) chun an iarraidh ar dhlúthpháirtíocht a chumhdach, beidh *(údarás inniúil an Bhallstáit is soláthraí)* réidh chun bearta nach bearta margadhbhunaithe iad a ghníomhachtú agus chun na méideanna atá in easnamh a sholáthar.

(3) Áireofar sa chúiteamh de bhun Airteagal 13(8) maidir le gás dlúthpháirtíochta atá bunaithe ar bhearta deonacha praghas an gháis (praghas a eascraíonn as clásail chonarthacha, tairiscintí nó sásra margadhbhunaithe eile a chuirtear i bhfeidhm) agus na costais tarchuir go dtí an pointe seachadta. Íocfaidh an Ballstát Iarrthach an cúiteamh sin go díreach le soláthraithe gáis an Pháirtí is Soláthraí.

(4) Áireofar an méid seo a leanas sa chúiteamh (atá le híoc leis an mBallstát is Soláthraí) de bhun Airteagal 13(8) maidir le soláthar an gháis bunaithe ar bhearta éigeantacha:

a. praghas an gháis, a chomhfhreagraíonn don spotphraghas margaidh deireanach, cáilíocht an gháis, ar mhalartú an Bhallstáit is Soláthraí ar dháta soláthair an bhirt dlúthpháirtíochta; má bhíonn roinnt malartuithe ann ar chríoch an Bhallstáit is Soláthraí, comhfhreagraíonn an praghas do mheán uimhríochtúil na spotphraghsanna margaidh deireanacha a bhí ar fáil ar na malartuithe uile; más rud é nach ann d'aon mhalartú ar chríoch an Bhallstáit is Soláthraí, comhfhreagraíonn an praghas do mheán uimhríochtúil na spotphraghsanna margaidh deireanacha a bhí ar fáil ar na malartuithe uile ar chríoch an Aontais.

b. aon chúiteamh atá le híoc ag an mBallstát is Soláthraí le tríú páirtithe dá ndéantar difear ar bhonn na ndlíthe agus rialachán ábhartha mar thoradh ar an mbeart éigeantach, lena n-airítear, más iomchuí, aon chostas ar imeachtaí neamhbhreithiúnacha agus imeachtaí breithiúnacha, agus

c. na costais iompair go dtí an pointe seachadta.

Titfidh ualach an riosca maidir le hiompar ar an mBallstát is Soláthraí i dtaca le hiompar an gháis go dtí an pointe seachadta.

(5) Áiritheoidh an Ballstát Iarrthach go ceannaítear na toirteanna gáis a chuirtear ar fáil ag na pointí. Beidh an cúiteamh le haghaidh na mbeart dlúthpháirtíochta dlite gan beann ar na toirteanna gáis a cheannaítear iarbhír a chuirtear ar fáil i gcomhréir leis an gconradh.
</td></tr></table>

Dáta ……………….. An t-am…………………………..

Le cur faoi bhráid *(Údarás inniúil an Bhallstáit iarrthaigh)*:

1. Tar éis duit bearta dlúthpháirtíochta a iarraidh faoi Airteagal 13(1) agus Airteagal 13(2) *(scrios Airteagal 13(2) mura bhfuil sé ábhartha)*, iarraidh a fuarthas an *(dáta)* ar *(am)*, tá na tairiscintí seo a leanas á dtarchur ag *(údarás inniúil an Bhallstáit is Soláthraí)*:

2. Faisnéis faoin bpáirtí arb é soláthraí an gháis

a. An soláthraí gáis / an rannpháirtí sa mhargadh a bhfuil an conradh á shíniú aige *(le haghaidh bearta deonacha/más ábhartha)*

Teagmhálaí: ______________________________

Fón: +____________________________________

b. An t-údarás inniúil conarthach

Teagmhálaí: ______________________________

Fón: +____________________________________

c. OCT freagrach:

_____________________________________

Teagmhálaí: ______________________________

Fón: +____________________________________

d. Bainisteoir freagrach an limistéir margaidh (más ábhartha):

___________________________________________

Teagmhálaí: ______________________________

Fón +____________________________________

3. **Tairiscintí príomhúla – iad bunaithe ar bhearta deonacha ('margadhbhunaithe')**

a. Toirt an gháis (iomlán)

___________________________________________ kWh, arb é atá ann

luach calrach ard gáis _____________________________ kWh,

luach calrach íseal gáis: ______________________________kWh.

b. Tréimhse an tsoláthair:

___________________________________________

c. An acmhainn iompair iomlán

___________________________________________ kWh/h, arb é atá ann

acmhainn dhocht:____________________ kWh/h;

acmhainn in-idirbhriste:____________________ kWh/h.

d. Pointí seachadta (idirnascairí):

An pointe seachadta c. An acmhainn iompair dhocht An acmhainn iompair in-idirbhriste

________________ _________________ kWh/h _________________ kWh/h

________________ _________________ kWh/h _________________ kWh/h

________________ _________________ kWh/h _________________ kWh/h

________________ _________________ kWh/h _________________ kWh/h

________________ _________________ kWh/h _________________ kWh/h

e. Tagairt don ardán áirithinte acmhainne

__________________________________________

f. an cúiteamh measta as an mbeart deonach:

praghas an gháis: EUR;

costais eile_EUR (tabhair sonraí)

g. Sonraí íocaíochta

Faighteoir: ____________________________

Sonraí bainc: _________________________

**4. Tairiscintí tánaisteacha – bunaithe ar bhearta éigeantacha (' nach bhfuil margadhbhunaithe')**

a. Toirt an gháis (iomlán):

____________________________________________ kWh, arb é atá ann

luach calrach ard gáis _____________________________ kWh,

luach calrach íseal gáis: ______________________________kWh.

b. Tréimhse an tsoláthair:

____________________________________________

c. An acmhainn iompair iomlán

____________________________________________ kWh/h, arb é atá ann

acmhainn dhocht:___________________ kWh/h;

acmhainn in-idirbhriste:___________________ kWh/h.

d. Pointí seachadta (idirnascairí):

An pointe seachadta c. An acmhainn iompair dhocht An acmhainn iompair in-idirbhriste

_________________ __________________ kWh/h __________________ kWh/h

_________________ __________________ kWh/h __________________ kWh/h

_________________ __________________ kWh/h __________________ kWh/h

_________________ __________________ kWh/h __________________ kWh/h

_________________ __________________ kWh/h __________________ kWh/h

e. Tagairt don ardán áirithinte acmhainne

___________________________________________

f. Costais dhóchúla na mbeart éigeantach

Praghas measta an gháis in aghaidh kWh: ______________________ EUR;

costais dhóchúla an iompair: ______________________ EUR;

an méid measta íocaíochtaí cúitimh le hearnálacha de gheilleagar an Bhallstáit is Soláthraí a ndéantar difear dóibh le laghduithe ar an soláthar:

______________________________ EUR.

g. Sonraí íocaíochta

Faighteoir: ____________________________

Sonraí bainc: _________________________

Arna dhéanamh an (dáta) ……….. ar (am) …………….

Síniú: ………………………………..

**4. Admháil go bhfuarthas an tairiscint dlúthpháirtíochta** *(le líonadh isteach i mBéarla)*

| Treoracha: |
| --- |
| Le seoladh laistigh de 30 nóiméad tar éis an tairiscint dlúthpháirtíochta a fháil. |

Le cur faoi bhráid *(Údarás Inniúil an Bhallstáit is Soláthraí).*

Thar ceann (an Ballstát Iarrthach), admhaím go bhfuarthas do thairiscint ar dhlúthpháirtíochta, fuarthas é an (dáta)……, ar ….. (am).

*(Údarás inniúil an pháirtí iarrthaigh)*

Teagmhálaí: ……………..

Fón: + …………

Arna dhéanamh an (dáta) ……….. ar (am) …………….

Síniú: ………………………………..

5. **Glacadh leis na tairiscintí dlúthpháirtíochta bunaithe ar bhearta deonacha/diúltú do ghlacadh leo** *(le líonadh isteach i mBéarla)*

| Treoracha: |
| --- |
| (1) Le seoladh laistigh de 2 uair an chloig tar éis an tairiscint a fháil.<br>(2) Má ghlactar leis an tairiscint ina hiomláine, déanfar téarmaí beachta na tairisceana a atáirgeadh leis an nglacadh, amhail a fuarthas ón mBallstát a chuir an tairiscint ar fáil Maidir le glacadh páirteach leis an tairiscint, féadfaidh sé a bheith bainteach leis na méideanna atá le soláthar agus leis sin amháin |

Dáta …………………….. Am …………………………..

1. Thar ceann (*an Ballstát iarrthach*), glacaim / ní ghlacaim *(go hiomlán / go páirteach)* leis an tairiscint a rinne *(an Ballstát is soláthraí)* an *(dáta)* ar *(am)* i gcur chun feidhme na mbeart dlúthpháirtíochta faoi Airteagal 13(1) agus Airteagal 13(2) *(scrios Airteagal 13(2) mura bhfuil sé ábhartha)*.

2. Údarás inniúil an Bhallstáit iarrthaigh:

____________________________________________________________

Teagmhálaí:____________________________

Fón: +_________________________________

3. OCT freagrach sa Bhallstát iarrthach:

___________________________________________________________

Teagmhálaí: ____________________________

Fón: +__________________________________

4. Bainisteoir freagrach an limistéir margaidh sa Bhallstát iarrthach (más ábhartha):

___________________________________________________________

Teagmhálaí:____________________

Fón +_____________________________________

5. Na tairiscintí príomhúla, bunaithe ar bhearta deonacha, ar glacadh leo *(tabhair téarmaí beachta na 'dtairiscintí príomhúla', mar a glacadh leo)*:

………………………………………………………………………………………….

Arna dhéanamh an (dáta) ……….. ar (am) …………….

Síniú: ………………………………..

6. **Glacadh leis na tairiscintí dlúthpháirtíochta bunaithe ar bhearta éigeantacha** *(le líonadh isteach i mBéarla)*

| Treoracha: |
|---|
| (1) Le seoladh laistigh de 3 uair an chloig tar éis an tairiscint dlúthpháirtíochta a fháil.<br>(2) Má ghlactar leis an tairiscint ina hiomláine, déanfar téarmaí beachta na tairisceana a atáirgeadh leis an nglacadh, amhail a fuarthas ón mBallstát a chuir an tairiscint ar fáil. Maidir le glacadh páirteach leis an tairiscint, féadfaidh sé a bheith bainteach leis na méideanna atá le soláthar ag pointe seachadta, agus leis sin amháin<br>(3) Áireofar an méid seo a leanas le glacadh le tairiscintí bunaithe ar bhearta éigeantacha: (a) tuairisc ghairid ar thairiscintí bunaithe ar bhearta deonacha a fuarthas ó Bhallstáit eile is Soláthraí; (b) más ábhartha, na cúiseanna nár glacadh leis na tairiscintí sin (nóta: d'fhéadfadh sé nach mbaineann na cúiseanna le praghas); (c) tuairisc ghairid ar thairiscintí bunaithe ar bhearta éigeantacha a fuarthas ó Bhallstáit eile is Soláthraí; (d) léiriú ar glacadh leis na tairiscintí sin agus, mura glacadh, na cúiseanna ar diúltaíodh iad a ghlacadh. |

(4) Féadfaidh an Coimisiún glao comhordúcháin a ghairm leis an mBallstát Iarrthach agus leis na Ballstáit is Soláthraithe; déanfaidh sé amhlaidh arna iarraidh sin d'aon Bhallstát amháin. Cuirfear an glao teileafóin sin laistigh de 30 nóiméad tar éis glacadh leis na tairiscintí ar dhlúthpháirtíocht bunaithe ar bhearta éigeantacha (más ar thionscnamh an Choimisiúin iad) nó tar éis an iarraidh ar ghlao comhordúcháin a fháil ó Bhallstát.

Dáta …………………… Am …………………………..

1. Thar ceann (*an Ballstát iarrthach*), glacaim / ní ghlacaim *(go hiomlán/go páirteach)* leis an tairiscint a rinne *(an Ballstát is soláthraí)* an *(dáta)* ar *(am)* i gcur chun feidhme na mbeart dlúthpháirtíochta faoi Airteagal 13(1) agus Airteagal 13(2) *(scrios Airteagal 13(2) mura bhfuil sé ábhartha)*.

2. Údarás inniúil an Bhallstáit iarrthaigh:

______________________________________________________________

Teagmhálaí:___________________________

Fón: +________________________________

3. OCT freagrach sa Bhallstát iarrthach:

______________________________________________________________

Teagmhálaí: ___________________________

Fón: +_________________________________

4. Bainisteoir freagrach an limistéir margaidh sa Bhallstát iarrthach (más ábhartha):

______________________________________________________________

Teagmhálaí:_____________________

Fón +_________________________

5. An tairiscint thánaisteach a glacadh, bunaithe ar bhearta éigeantacha *(tabhair foclaíocht bheacht na 'na tairisceana tánaistí', mar a fuarthas ón mBallstát is Soláthraí)*.

…………………………………………………………………………………………….

6. Faisnéis bhreise maidir le glacadh le tairiscintí tánaisteacha:

(a) tuairisc ghairid ar thairiscintí bunaithe ar bhearta deonacha a fuarthas ó Bhallstáit eile is Soláthraí;

………………………………………………………………………………………

(b) ar glacadh leis na tairiscintí sin? Mura nglacadh leo, sonraigh na cúiseanna leis sin:

………………………………………………………………………………………

(c) tuairisc ghairid ar thairiscintí bunaithe ar bhearta éigeantacha a fuarthas ó Bhallstáit eile is Soláthraí;

………………………………………………………………………………………

(a) ar glacadh leis na tairiscintí sin? Mura nglacadh leo, sonraigh na cúiseanna leis sin:

…………………………………………………………………………………………

Arna dhéanamh an (dáta) ……….. ar (am) …………….

Síniú

## Iarscríbhinn III

**An Rialachán aisghairthe agus liosta de na leasuithe comhleanúnacha a rinneadh air**

| | |
|---|---|
| Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<br>(IO L 211, 14.8.2009, lch. 36) | |
| Cinneadh 2010/685/AE ón gCoimisiún<br>(IO L 293, 11.11.2010, lch. 67) | |
| Cinneadh 2012/490/AE ón gCoimisiún<br>(IO L 231, 28.8.2012, lch. 16) | |
| RIALACHÁN (AE) Uimh. 347/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<br>(IO L 115, 25.4.2013, lch. 39) | (Airteagal 22 agus an tAirteagal sin amháin) |
| Cinneadh (AE) Uimh. 2015/715 ón gCoimisiún<br>(IO L 114, 5.5.2015, lch. 9) | |
| RIALACHÁN (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<br>(IO L 328, 21.12.2018, lch. 1) | (Airteagal 50 agus an tAirteagal sin amháin) |

_____________

## Iarscríbhinn IV

TÁBLA COMHGHAOIL

| Rialachán (AE) Uimh. 715/2009 | An Rialachán seo |
|---|---|
| Airteagal 1, an chéad fhomhír (an fhoclaíocht tosaigh) | Airteagal 1, an chéad fhomhír (an fhoclaíocht tosaigh) |
| Airteagal 1, pointe (a) | Airteagal 1(a) |
| Airteagal 1, pointe (b) | - |
| Airteagal 1, pointe (c) | Airteagal 1(b) |
| Airteagal 1, an dara, an tríú agus an ceathrú fomhír | Airteagal 1, an dara, an tríú agus an ceathrú fomhír |
| Airteagal 2(1) (an fhoclaíocht tosaigh) | Airteagal 2(1) (an fhoclaíocht tosaigh) |
| - | Airteagal 2(1) pointe 1 |
| Airteagal 2(1) pointe 1 | Airteagal 2(1) pointe 2 |
| Airteagal 2(1) pointe 2 | Airteagal 2(1) pointe 3 |
| Airteagal 2(1) pointe 3 | Airteagal 2(1) pointe 4 |
| Airteagal 2(1) pointe 4 | Airteagal 2(1) pointe 5 |
| Airteagal 2(1) pointe 5 | Airteagal 2(1) pointe 6 |
| Airteagal 2(1) pointe 6 | Airteagal 2(1) pointe 7 |
| Airteagal 2(1) pointe 7 | Airteagal 2(1) pointe 8 |
| Airteagal 2(1) pointe 8 | Airteagal 2(1) pointe 9 |
| Airteagal 2(1) pointe 9 | Airteagal 2(1) pointe 10 |
| Airteagal 2(1) pointe 10 | Airteagal 2(1) pointe 11 |
| Airteagal 2(1) pointe 11 | Airteagal 2(1) pointe 12 |
| Airteagal 2(1) pointe 12 | Airteagal 2(1) pointe 13 |
| Airteagal 2(1) pointe 13 | Airteagal 2(1) pointe 14 |
| Airteagal 2(1) pointe 14 | Airteagal 2(1) pointe 15 |

| | |
|---|---|
| Airteagal 2(1) pointe 15 | Airteagal 2(1) pointe 16 |
| Airteagal 2(1) pointe 16 | Airteagal 2(1) pointe 17 |
| Airteagal 2(1) pointe 17 | Airteagal 2(1) pointe 18 |
| Airteagal 2(1) pointe 18 | Airteagal 2(1) pointe 19 |
| Airteagal 2(1) pointe 19 | Airteagal 2(1) pointe 20 |
| Airteagal 2(1) pointe 20 | Airteagal 2(1) pointe 21 |
| Airteagal 2(1) pointe 21 | Airteagal 2(1) pointe 22 |
| Airteagal 2(1) pointe 22 | Airteagal 2(1) pointe 23 |
| Airteagal 2(1) pointe 23 | Airteagal 2(1) pointe 24 |
| Airteagal 2(1) pointe 24 | Airteagal 2(1) pointe 25 |
| Airteagal 2(1) pointe 25 | Airteagal 2(1) pointe 26 |
| Airteagal 2(1) pointe 26 | Airteagal 2(1) pointe 27 |
| Airteagal 2(1) pointe 27 | Airteagal 2(1) pointe 28 |
| Airteagal 2(1) pointe 28 | Airteagal 2(1) pointe 29 |
| - | Airteagal 2(1) pointe 30 |
| - | Airteagal 2(1) pointe 31 |
| - | Airteagal 2(1) pointe 32 |
| - | Airteagal 2(1) pointe 33 |
| - | Airteagal 2(1) pointe 34 |
| - | Airteagal 2(1) pointe 35 |
| - | Airteagal 2(1) pointe 36 |
| - | Airteagal 2(1) pointe 37 |
| - | Airteagal 2(1) pointe 38 |
| Airteagal 2(2) | Airteagal 2(2) |
| - | Airteagal 3 |

| | |
|---|---|
| - | Airteagal 4 |
| Airteagal 14 | Airteagal 5 |
| Airteagal 14(1) | Airteagal 5(1) go (2) |
| - | Airteagal 5(3) |
| Airteagal 14(3) | Airteagal 5(4) |
| Airteagal 14(2) | Airteagal 5(5) |
| - | Airteagal 6 |
| Airteagal 15 | Airteagal 7 |
| Airteagal 7(1) go (2) | Airteagal 7(1) go (2) |
| - | Airteagal 7(3) |
| Airteagal 7(3) | Airteagal 7(4) |
| - | Airteagal 7(4), an dara fomhír |
| Airteagal 7(4) | Airteagal 7(5) |
| Airteagal 7(5) | Airteagal 7(6) |
| - | Airteagal 8 |
| Airteagal 16 | Airteagal 9 |
| Airteagal 16(1) go (3) | Airteagal 9(1) go (3) |
| - | Airteagal 9(4) |
| Airteagal 9(4) | - |
| Airteagal 9(5) | - |
| Airteagal 17 | Airteagal 10 |
| Airteagal 22 | Airteagal 11 |
| Airteagal 21 | Airteagal 12 |
| Airteagal 3 | Airteagal 13 |
| - | Airteagal 14 |

| | |
|---|---|
| Airteagal 13 | Airteagal 15 |
| - | Airteagal 16 |
| - | Airteagal 17 |
| - | Airteagal 18 |
| - | Airteagal 19 |
| - | Airteagal 20 |
| Airteagal 4 | Airteagal 21 |
| Airteagal 5 | Airteagal 22 |
| Airteagal 5(1) go (4) | Airteagal 22(1) go (4) |
| Airteagal 8 | Airteagal 23 |
| Airteagal 8 (1) go (3)(f) | Airteagal 23 (1) go (3)(f) |
| - | Airteagal 23(3), pointe (g) |
| - | Airteagal 23(3) fomhír 2 |
| Airteagal 8(4) | Airteagal 23(4) |
| - | Airteagal 23(4) fomhír 2 |
| Airteagal 8(5) go (6), pointe 1 | Airteagal 23(5) go (6), pointe 1 |
| - | Airteagal 23(6)(m) |
| Airteagal 8(7) go (11) | Airteagal 23(7) go (11) |
| Airteagal 8(11) | Airteagal 23(10) |
| Airteagal 8(12) | Airteagal 23(11) |
| Airteagal 9 | Airteagal 24 |
| Airteagal 24 | Airteagal 25 |
| Airteagal 10 | Airteagal 26 |
| Airteagal 11 | Airteagal 27 |
| Airteagal 12 | Airteagal 28 |

| | |
|---|---|
| Airteagal 29 | Airteagal 29 |
| - | Airteagal 29(a) |
| Airteagal 29(b) agus (c) | Airteagal 29(b) agus (c) |
| Airteagal 18 | Airteagal 30 |
| Airteagal 18(1) go (6) | Airteagal 30(1) go 6 |
| - | Airteagal 30(7) |
| Airteagal 19 | Airteagal 31 |
| Airteagal 19(1) | Airteagal 31(1) |
| - | Airteagal 31(2) |
| Airteagal 19(2) | Airteagal 31(3) |
| Airteagal 19(3) | Airteagal 31(4) |
| Airteagal 19(4) | Airteagal 31(5) |
| Airteagal 19(5) | Airteagal 31(6) |
| - | Airteagal 31(6), an dara fomhír |
| Airteagal 20 | Airteagal 32 |
| - | Airteagal 33 |
| - | Airteagal 34 |
| - | Airteagal 35 |
| - | Airteagal 36 |
| - | Airteagal 37 |
| - | Airteagal 38 |
| - | Airteagal 39 |
| - | Airteagal 40 |
| - | Airteagal 41 |
| - | Airteagal 42 |

| | |
|---|---|
| - | Airteagal 43 |
| - | Airteagal 44 |
| - | Airteagal 45 |
| - | Airteagal 46 |
| - | Airteagal 47 |
| - | Airteagal 48 |
| - | Airteagal 49 |
| - | Airteagal 50 |
| - | Airteagal 51 |
| | Airteagal 52 |
| Airteagal 6 | Airteagal 53 |
| | Airteagal 53(1) go (15) |
| Airteagal 6 (1) go (12) | - |
| - | Airteagal 54 |
| | Airteagal 55 |
| Airteagal 7 | Airteagal 55 (1) go (3) |
| Airteagal 7 (1) go (4) | - |
| Airteagal 23 | Airteagal 56 |
| Airteagal 23(1) | - |
| - | Airteagal 56(1) go (5) |
| Airteagal 23(6) agus (7) | - |
| Airteagal 25 | - |
| Airteagal 23 | Airteagal 57 |
| Airteagal 58(1) agus (2) | Airteagal 58(1) agus (2) |
| | Airteagal 58(3) go (7) |
| Airteagal 27 | Airteagal 59 |

| | |
|---|---|
| - | Airteagal 59(1) go (3) |
| Airteagal 27(1) agus (2) | - |
| - | Airteagal 60 |
| Airteagal 28 | Airteagal 61 |
| Airteagal 28(1) | Airteagal 61(1) |
| - | Airteagal 61(2) agus (3) |
| Airteagal 28(2) | - |
| Airteagal 30 | Airteagal 62 |
| Airteagal 30, pointe (a) | - |
| Airteagal 30, pointe (b) | - |
| Airteagal 30, pointe (c) | - |
| Airteagal 30 fomhír 2 | - |
| - | Airteagal 63 |
| - | Airteagal 64 |
| - | Airteagal 65 |
| - | Airteagal 66 |
| - | Airteagal 67 |
| Airteagal 31 | Airteagal 68 |
| Airteagal 32 | Airteagal 69 |
| Iarscríbhinn I | Iarscríbhinn I |
| - | Iarscríbhinn II |
| - | Iarscríbhinn III |
| Iarscríbhinn III | Iarscríbhinn IV |

**IARSCRÍBHINN**